# Clár Oifigigh Cosanta Sonraí - Ceisteanna Coitianta

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

Tá de dhualgas ar gach uile eagraíocht a bhfuil Oifigeach Cosanta Sonraí ('DPO') ceaptha acu de bhun Airteagal 37(1) GDPR sonraí teagmhála a DPO a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí ('DPC'). Coinníonn an DPC na sonraí seo i gClár Oifigigh Cosanta Sonraí. Freagraíonn an nóta seo roinnt de na ceisteanna is coitianta maidir leis an gclár.

### Cén eagraíochtaí a bhfuil ceangal orthu sonraí a nOifigeach Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí?

Faoin GDPR, tá ceangal ar eagraíochtaí áirithe DPO ainmnithe a cheapadh. Caithfidh eagraíochtaí sonraí an DPO a fhoilsiú freisin agus na sonraí seo a chur ar fáil don údarás maoirseachta náisiúnta.

De bhun Airteagal 37(1), tá ar eagraíocht oifigeach cosanta sonraí ainmnithe a cheapadh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- ☑ tá an phróiseáil á déanamh ag údarás nó comhlacht poiblí;
- ☑ is é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí oibríochtaí próiseála lena gceanglaítear go ndéantar faireachán rialála agus córasach mórscála ar na hábhair sonraí; nó
- ☑ is é atá i bpríomhghníomhaíochtaí an rialaitheora nó an phróiseálaí próiseáil mhórscála ar chatagóirí speisialta sonraí pearsanta nó ar shonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus cionta.

### Conas ba chóir d'eagraíocht sonraí a Oifigeach Cosanta Sonraí a chur in iúl don Choimisiún um Chosaint Sonraí de réir mar a éilítear faoi Airteagal 37(7) GDPR?

Chun sonraí teagmhála do DPO a chur in iúl don DPC, comhlánaigh agus cur isteach an fhoirm seo, le do thoil. De rogha air sin, is féidir clárú go díreach trí ríomhphost a sheoladh chuig registeryourDPO@dataprotection.ie nó tríd an bpost chuig

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

21 Cearnóg Mhic Liam Theas

Baile Átha Cliath 2

leis na sonraí seo a leanas:

- ☑ ainm, seoladh ríomhphoist, uimhir fóin agus seoladh post d'eagraíocht,
- ☑ ainm, seoladh ríomhphoist agus uimhir fóin do DPO,
- ☑ an earnáil lena mbaineann d'eagraíocht: Poiblí/Príobháideach/Neamhbhrabúis agus an fo-earnáil lena mbaineann d'eagraíocht: Sláinte/Airgeadas nó eile.

### An bhfaighidh mé fógra go bhfuil ár DPO ar an gclár?

Eiseoidh an DPC ríomhphost ag deimhniú go bhfuarthas an fógra, ina luaitear go ndearna an DPC taifead ar do shonraí DPO, laistigh de 72 uair de ghnáth.

### Thug ár n-eagraíocht fógra don DPC maidir lenár DPO. An gá dúinn aon rud éigin a dhéanamh?

Is gá. De réir Airt. 37(7) den GDPR, tá ar d'eagraíocht sonraí teagmhála do DPO a fhoilsiú. Sna sonraí teagmhála, ba chóir go mbeadh eolas a ligeann d'ábhair sonraí agus údaráis maoirseachta dul i dteagmháil leis an DPO go héasca (mar shampla, seoladh poist, uimhir tiomnaithe fóin, agus/nó seoladh tiomnaithe ríomhphoist). Cé nach gá an DPO a ainmniú, b'fhéidir gur dea-chleachtas atá ann é seo a dhéanamh. Ba chóir don rialaitheoir nó an próiseálaí agus an DPO cinneadh a dhéanamh an bhfuil sé seo riachtanach nó úsáideach sna cúinsí áirithe sin.[1]

### An bhfaighidh mé cláruimhir nó Teastas Clárúcháin?

Ní bhfaighidh. Ní eisíonn an DPC cláruimhir nó Teastas Clárúcháin.

### An ngearrtar táille chun DPO a chlárú leis an DPC?

Ní ghearrtar aon táille chun sonraí DPO a chur in iúl don DPC.

### An mbeidh an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an DPC, agus an mbeidh mo chuid sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an DPC?

Ní bheidh. Níl an Clár DPO ar fáil ar ár suíomh gréasáin, agus níl sonraí ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an DPC.

### Tá DPO grúpa ag ár n-eagraíocht le haghaidh gach eintiteas dleathach ar leith laistigh den eagraíocht. An leor DPO a chlárú uair amháin don ghrúpa?

Ní leor. Cé go ligeann an GDPR do ghrúpaí gnóthas DPO amháin a cheapadh, ag cur a struchtúr eagrúcháin agus a dtomhas san áireamh, caithfidh said fógra DPO a dhéanamh don DPC le haghaidh gach eintiteas dleathach ar leith.

### Tá DPO seachfhoinsithe ag ár n-eagraíocht. An bhfuil orainn fós an DPO seo a chlárú?

Tá.

---

[1] Meitheal Oibre Airteagail 29 *"Guidelines on Data Protection Officers ('DPOs')"* Aibreán 2017, tacaithe ag an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí.

### Cad ba chóir dúinn a dhéanamh má athraíonn sonraí teagmhála ár DPO? An gá dom na hathruithe seo a chur in iúl don DPC?

Is gá duit aon athruithe le sonraí teagmhála do DPO a chur in iúl don DPC. Chun fógra a thabhairt don DPC, comhlánaigh agus cur isteach an fhoirm seo, le do thoil.

### Is mian lenár n-eagraíocht ár gclárú DPO a chur ar ceal agus a bhaint. Conas is féidir liom é seo a dhéanamh?

Is féidir ríomhphost a sheoladh chuig an DPC ag registeryourDPO@daaprotection.ie, ag lua gur mian leat sonraí teagmhála do DPO a bhaint. De bhun Airteagal 37 GDPR, tá ceangal ar eagraíochtaí áirithe DPO a cheapadh agus sonraí teagmhála an DPO a chur in iúl don DPC. Mar thoradh ar sin, beidh ort míniú dúinn cén fáth go dteastaíonn uait go mbainfimid sonraí teagmhála do DPO den chlár.

### Bhí ár n-eagraíocht cláraithe leis an DPC roimhe seo faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2003. An bhfuil sé seo mar an gcéanna leis an gClár Cosanta Sonraí?

Níl. Roimhe seo, faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003, bhí ar eagraíochtaí clárú leis an DPC mar rialaitheoir sonraí nó próiseálaí sonraí agus táille clárúcháin a íoc. Faoin dlí reatha um chosaint sonraí, an GDPR agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 (an tAcht 2018), níl feidhm ag an gcóras seo a thuilleadh, ina bhfuil ceangal ar eagraíochtaí athnuachan a dhéanamh ar a gclárúchán agus táille clárúcháin a íoc gach bliain. Ba cheart go ndéanfaidh eagraíochtaí athbhreithniú ar a bPolasaithe Príobháideachais agus aon tagairtí le clárú leis an DPC a thógáil amach mar níl aon clár dá leithéid ann.

Tuigeann an DPC go n-éilíonn roinnt Údaráis Maoirseachta eile clárú mar rialaitheoir nó próiseálaí agus go bhféadfadh gnólachtaí Éireannacha, a phléann le heagraíochtaí lonnaithe lasmuigh d'Éire, iarratais a fháil chun clárú mar rialaitheoirí leis an oifig seo. Níl riachtanas dá leithéid ag an DPC a thuilleadh.

Ní féidir clárú leis an DPC agus ní eiseoidh an DPC aon uimhir clárúcháin. Tá an oibleagáid seo (nach bhfuil gá leis a thuilleadh) difriúil ón oibleagáid chun DPO a chur in iúl don DPC faoi Airteagal 37(7) GDPR.

### Déanann ár n-eagraíocht sonraí pearsanta a phróiseáil laistigh den AE, ach níl eagras again laistigh den Aontas. An bhfuil orm ionadaí AE a cheapadh?

De bhun Airteagal 27 GDPR, má tá rialaitheoir nó próiseálaí nach bhfuil bunaithe san Aontas ag déanamh próiseáil ar shonraí pearsanta ábhar sonraí san AE maidir le faireachán a dhéanamh ar iompar na ndaoine sin, nó má tá sé ag tairiscint seirbhísí nó earraí dóibh, tá ár an rialaitheoir nó an próiseálaí ionadaí a cheapadh. Mar sin féin, mura

ndéantar an phróiseáil ach anois is arís, mura bhfuil próiseáil catagóirí speisialta ar scála mór i gceist, nó próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe agus le cionta coiriúla, mura dócha go mbeidh riosca ann do chearta agus do shaoirsí daoine nádúrtha nó comhlacht nó údarás poibli, ní chaithfear ionadaí a ainmniú.

I gcás go bhfuil sciar mór de na hábhair sonraí a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á phróiseáil suite i mBallstát áirithe amháin, moltar go mbeidh an t-ionadaí lonnaithe sa Bhallstát céanna sin. Mar sin féin, caithfidh an t-ionadaí a bheith inrochtana d’ábhair sonraí i mBallstáit nach bhfuil an eagraíocht lonnaithe ann agus a bhfuil na seirbhísí agus na hearraí á thairiscint ann nó a bhfuil faireachán á dhéanamh ar an iompar.[2]

[2] An Bord Eorpach um Chosaint Sonraí, *“Guidelines 3/2018 on the territorial scope of the GDPR (Article 3)”*, 12 Samhain 2019.